C/2024/5522

12.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M. 11668 – PSG EQUITY / RIVEAN CAPITAL / CORILUS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5522)

1. An 3 Meán Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— PSG Ultimate GP Managing Member L.L.C. ('PSG Equity', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú deiridh Mark Hastings (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Rivean Capital Management Holding B.V. ('Rivean Capital', an Ísiltír),

— Corilus NV ('Corilus', an Bheilg), faoi rialú aonair agus deiridh Rivean Capital faoi láthair.

Gheobhaidh PSG Equity agus Rivean Capital rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Corilus ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais fáis é PSG Equity a oibríonn i gcomhpháirt le cuideachtaí sholáthraíonn seirbhísí bogearraí agus seirbhísí atá cumasaithe ag an teicneolaíocht chun cuidiú leo maidir leis an bhfás claochlaitheach, chun leas a bhaint as deiseanna straitéiseacha agus chun foirne láidre a thógáil. Tá oifigí ag PSG Equity i mBostún, in Kansas City, i Londain, i Maidrid, i bPáras agus in Tel-Aviv.

— Is cuideachta cothromais phríobháidigh meánmhargaidh é Rivean Capital a shainaithníonn gnólachtaí a bhfuil acmhainneacht forbartha luathaithe acu, a sholáthraíonn cumaisc agus éadálacha idirnáisiúnta, tionscnaimh fáis orgánaigh, agus feabhsuithe struchtúracha ar bhealach straitéiseach. Tá oifigí áitiúla ag Rivean Capital sa Bheilg, sa Ghearmáin, san Iodáil, san Ísiltír agus san Eilvéis.

3. Tráchtálaíonn Corilus bogearraí cúram sláinte a chuireann ar a gcumas do sholáthraithe cúram sláinte, amhail dochtúir ginearálta, speisialtóirí, cógaiseoirí, fiaclóirí, altraí, fisiteiripeoirí, agus ionaid cúraim cónaithe ceangal a dhéanamh lena n-othair.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M. 11668 – PSG EQUITY / RIVEAN CAPITAL / CORILUS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË